**Thíos seal thuas seal**

A Áine, a chroí,

Beannachtaí ón mbliain 2050! Is ea, tá sé seo á scríobh agam tríocha bliain sa todhchaí, creid nó ná creid. Seacht mbliana déag atá slánaithe agat faoin taca seo, agus an fhírinne choíche, is mór atá mé in éad leat. Tá, ar an ábhar go bhfuil bliain mhór chorraitheach romhat, bliain a bheidh lán iontas agus spraoi - ach bliain a thabharfaidh do dhúshlán ar an uile dhóigh freisin.

Tús na n-eachtraí? Cuirfidh tú isteach ar an gclár Erasmus agus éireoidh leat áit a ghnóthú air! Go Maidrid a bheidh do thriall agus is tú a bheidh ag dréim lena mbeidh i ndán duit – na cultúir, na teangacha agus na daoine a bheidh mórthimpeall ort!

Ach ní mar a shíltear a bhítear i gcónaí. Beidh an chéad seachtain sin sa chathair ar na seachtainí is deacra ar fad – beidh an teanga, an bia, agus an áit féin coimhthíoch agat. Buailfidh amhras agus aithreachas thú agus cuirfidh tú fiche ceist ort féin – cén fáth ar chuir mé isteach ar an gclár seo an chéad lá riamh? Arbh fhearr dul abhaile anois? Glaofaidh do mhuintir ort an chéad oíche agus caoinfidh tú uisce do chinn. Ach creid uaim é, tá tú níos miotalaí ná mar a shílfeá!

Rachaidh tú amach faoin gcathair lá ag breathnú áilleacht agus iontais na háite. Ach go fóill féin is fada leat deireadh do thréimhse ann agus b’fhearr leat a bheith ar ais i Ros Muc ná a bheith gafa i Maidrid leat féin.

Leis sin, ámh, cuireann tú cor mór i do chinniúint féin. Shíl tú riamh gur duine cúthail thú. Ach, dá ainneoin sin, déarfaidh tú leat féin ‘níor chaill bean an mhisnigh riamh’. Téann tú a fhad le cailín eile a bhfuil cuma an turasóra uirthi freisin. Beannaíonn tú di sa Spáinnis mheirgeach atá agat - Marie atá uirthi, duine de lucht do chomhaoise as Páras atá ag tabhairt faoi Erasmus freisin. Déanfaidh sibh cairdeas eadraibh, snaidhm chairdis a mhairfidh go brách.

Rachaidh an chuid eile de do sheal i Maidrid thart i bhfaiteadh na súl. Ar ndóigh, tiocfaidh cumha ort freisin – ar do bhreithlá, mar shampla, agus tú ag smaoineamh ar an gcíste a réiteodh do mham duit agus ar an gcóisir mhór go maidin a bheadh agat le do chairde sa ghairdín cúil! Ach, tuigfidh tú gur mór is fiú an tairbhe deoir nó dhó. Foghlaimeoidh tú go leor faoi shaol na hEorpa, feicfidh tú togha agus rogha na cathrach, cuirfidh tú snas ar do chuid Spáinnise agus déanfaidh tú rudaí nach samhlófá riamh - *flamenco* go fiú! Ach, níos tábhachtaí fós, is mór a fhoghlaimeoidh tú fút féin agus a fhios agat anois gur féidir leat tabhairt faoi roth mór an tsaoil, idir mhaith agus olc, lán dóchais agus muiníne.

Beir bua,

Áine